
# CUNTAS MÍNITHE

# Ó THAOBH NA STAIRE

## Daonra iomlán áirithe
(Foinse: Tábla 1)

Sa bhliain 2006 tógadh an cúigiú daonáireamh déag ó bunaíodh an Stát. Cuireadh daonra de 4,239,848 duine san áireamh ar an 23 Aibreán 2006 i gcomparáid le 3,917,203 duine in Aibreán 2002, is ionann sin agus 322,645 duine nó 8.2% thar an tréimhse cheithre bliana.

I bhFigiúr 1 tá graf den daonra iomlán áirithe i ngach daonáireamh idir na blianta 1926 agus 2006 leis an dá bhliain sin san áireamh freisin.




**Figiúr 1 Daonra, 1926-2006**

## Rudaí a raibh tionchar acu ar athrú daonra

Bíonn tionchar ag breitheanna, básanna, inimirce agus eisimirce ar athrú sa dhaonra ó dhaonáireamh amháin chuig an gcéad cheann eile. Tugtar méadú nádúrtha sa dhaonra ar líon na mbreitheanna lúide líon na mbásanna. An difríocht idir líon na n-inimirceach agus líon na n-eisimirceach í imirce ghlan. Tá a fhios againn ón tsraith staitisticí beatha foilsithe céard é líon na mbreitheanna agus na mbásanna, is féidir imirce ghlan a oibriú amach mar athrú sa dhaonra lúide an méadú nádúrtha sa dhaonra.

I dTábla A tá na rudaí a bhfuil tionchar acu ar athrú daonra, curtha i láthair mar mheán bliantúil, do gach tréimhse idirdhaonáirimh idir 1926 agus 2006 agus tugann sé cúnamh tuiscint a fháil ar an ngraf daonra atá ar fáil i bhFigiúr 1.

**Tábla A. Meánlíon breitheanna, básanna bliantúla, méadú nádúrtha agus imirce ghlan mheasta do gach tréimhse idirdhaonáirimh, 1926-2006**


| Tréimhse | Breitheanna | Básanna | Méadú nádúrtha | Athrú Daonra | *Imirce ghlan mheasta* |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mílte | | |
| 1926 – 1936 | 58 | 42 | 16 | 0 | *-17* |
| 1936 – 1946 | 60 | 43 | 17 | -1 | *-19* |
| 1946 – 1951 | 66 | 40 | 26 | 1 | *-24* |
| 1951 – 1956 | 63 | 36 | 27 | -12 | *-39* |
| 1956 – 1961 | 61 | 34 | 26 | -16 | *-42* |
| 1961 – 1966 | 63 | 33 | 29 | 13 | *-16* |
| 1966 – 1971 | 63 | 33 | 30 | 19 | *-11* |
| 1971 – 1979 | 69 | 33 | 35 | 49 | *14* |
| 1979 – 1981 | 73 | 33 | 40 | 38 | *-3* |
| 1981 – 1986 | 67 | 33 | 34 | 19 | *-14* |
| 1986 – 1991 | 56 | 32 | 24 | -3 | *-27* |
| 1991 – 1996 | 50 | 31 | 18 | 20 | *2* |
| 1996 – 2002 | 54 | 31 | 23 | 49 | *26* |
| 2002 – 2006 | 61 | 28 | 33 | 81 | *48* |

Is féidir an tréimhse ochtó bliain 1926-2006 atá léirithe i dTábla A a bhriseadh síos i roinnt fo-thréimhsí, léiríonn gach ceann acu treochtaí difriúla déimeagrafacha.

| | |
|---|---|
| 1926-1951 | Bhí an daonra seasmhach díreach faoi 3 mhilliún mar thoradh ar an méadú nádúrtha measartha cothromaithe ag eisimirce ghlan. |
| 1951-1961 | Thit an daonra chuig an leibhéal ab ísle ag 2.8 milliún sa bhliain 1961 mar gheall ar eismirce ghlan ard. |
| 1961-1971 | Bhí ardú sa dhaonra idir na blianta 1961-1966 mar gheall go raibh an méadú nádúrtha níos mó ná eisimirce ghlan – an chéad mhéadú mór sa dhaonra i dtréimhse idirdhaonáirimh. |
| 1971-1979 | Sa thréimhse seo bhí meán ráta fáis bhliantúil de 1.5% sa dhaonra mar gheall ar athrú ó eisimirce ghlan go hinimirce ghlan chomh maith le hardú i mbreitheanna. |
| 1979-1986 | Thosaigh an eisimirce ghlan arís, cé nach raibh an scála chomh hard le bheith ina chúiteamh don mhéadú nádúrtha sa daonra. |
| 1986-1991 | Titim bheag sa dhaonra sa thréimhse seo mar gheall go raibh an méadú nádurtha ag meath agus go raibh eisimirce ghlan ard ann. |
| 1991-2006 | Bhí fás buaice sa dhaonra do na tréimhsí is déanaí idirdhaonáirimh mar gheall ar mhéadú nádúrtha agus inimirce ghlan an-ard. |

I bhFigiúr 2 tá na meáin bhliantúla don athrú daonra, méadú nádúrtha agus inimirce ghlan don tréimhse 1926-2006. Is féidir an tionchar ceannasach a bhí ag an imirce ar phatrún an athraithe sa dhaonra thar thréimhse ochtó bliain a fheiceáil go soiléir ón ngraf.

**Figiúr 2 Gnéithe de na hathruithe daonra, 1926-2006**



# DÁILEADH GEOGRAFACH

**Athrú mór geografach**
(Foinse: Tábla 4)

Tá figiúirí daonra do gach contae agus cathair do na blianta 2002 agus 2006 ar fáil i dTábla 4. Mhéadaigh an daonra i ngach contae i gCúige Laighean idir na blianta 2002 agus 2006. B'iad na contaetha Fine Gall (+43,579 nó 22.2%), An Mhí (+28,826 nó 21.5%) agus Cill Dara (+22,391 nó 13.7%) na contaetha ba mhó fáis. D'fhás daonra gach contae i gCúige Laighean seachas Baile Átha Cliath (+2.1%), Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (+1.2%) agus Átha Cliath Theas (+3.4%) níos mó ná an meán ráta náisiúnta de 8.2%. Má bhreathnaítear ar an scéal deich mbliana (i.e. 1996-2006), b'ionann trí chontae i gCúige Laighean agus thart ar 29% den fhás iomlán de 613,800 sa dhaonra ag leibhéal an Stáit – Fine Gall, An Mhí agus Cill Dara.

Ar an láimh eile, bhí meath sa dhaonra idir 2002 agus 2006 i ndá chontae den 34 contae riaracháin, Cathair Chorcaí le meath de 3% agus Cathair Luimní le meath de 2.7%. I dtéarmaí céatadáin b'é Contae Chorcaí (+11.4%) an contae ba thapaidh fáis i gCúige Mumhan, le Co. Phort Láirge (+9.2%) agus Contae Luimní (+8.4%) ina dhiaidh. Bhain cuid mhaith den fhás seo le forbairtí i mbruachbhailte timpeall ar chathair Chorcaí, Phort Láirge agus Cathair Luimní.


Maidir leis na contaetha i gCúige Chonnacht, bhí an ráta fáis daonra ab airde i gCo. Liatroime (+3,151 nó 12.2%) sa thréimhse idirdhaonáirimh is déanaí. Tháinig sé seo i ndiaidh méadaithe measartha de 3% idir 1996 agus 2002, b'shin athrú mór tar éis 150 bliain den mheath leanúnach. Tháinig méadú de 11.2% i gContae na Gaillimhe, cé gur mhaolaigh an fás tapaidh a bhí ann sa dá thréimhse idirdhaonáirimh roimhe i ndaonra Chathair na Gaillimhe síos go dtí 10% idir na blianta 2002 agus 2006.

Bhí an ráta fáis ba mhó i gCúige Uladh (cuid de), i gCo an Chabháin – an chuid is mó de seo i ndeisceart an chontae atá taobh istigh den chrios taistil ó Bhaile Átha Cliath. D'fhás Co. Dhún na nGall agus Co. Mhuineacháin ag ráta níos lú ná an meán ráta náisiúnta le ceithre bliana anuas.

**Uirbeach/Tuaithe**
(Foinse: Táblaí 5B agus 5C)

Cosúil le go leor tíortha atá ag forbairt tá an daonra in Éirinn athraithe ó na ceantair tuaithe don chuid is mó go dtí na ceantair uirbeacha don chuid is mó. Tá graf ar fáil i bhFigiúr 3 den daonra uirbeach agus tuaithe ag gach daonáireamh ó 1926.

**Figiúr 3 Daonra uirbeach/tuaithe, 1926-2006**




Tá fás tagtha ar an daonra atá ag maireachtáil i gceantair uirbeacha (i.e. i mbailte le daonra de 1,500 nó níos mó) ag gach daonáireamh ó bunaíodh an Stát, cé go raibh sé cothrom ag timpeall 1.9 go 2 mhilliún idir 1981 agus 1991. Sa dheich mbliana go 2006 tháing méadú de 460,000 ar an daonra uirbeach. Tá an daonra atá ag maireachtáil i gceantair tuaithe tagtha ar ais le blianta beaga anuas tar éis deich mbliana den mheath le méadú de 150,000 sa thréimhse 1996-2006. Ainneoin méadú le déanaí i ndaonra na gceantar tuaithe tá fás leanúnach ar sciar

na gceantar uirbeach den daonra agus mar thoradh faoin mbliain 2006 bhí tuairim 61% de dhaonra na hÉireann ag maireachtáil i gceantair uirbeacha.

Tá briseadh síos i dTábla B de dhaonra na gceantar uirbeach, a mbruachbhailte/ceantair mhaguaird nuair is cuí, do na blianta 2002 agus 2006.

**Tábla B Daonra na gCeantar Uirbeach 2002 agus 2006**

| Ceantar | Líon na n-ionad | | Daonra | | Céatadán den daonra iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2002 | 2006 | 2002 | 2006 | 2002 | 2006 |
| | | | Mílte | | % | % |
| Mórcheantar Átha Cliath* | 1 | 1 | 1,004.6 | 1,045.8 | 25.6 | 24.7 |
| Corcaigh | 1 | 1 | 186.2 | 190.4 | 4.8 | 4.5 |
| Luimneach | 1 | 1 | 87.0 | 90.8 | 2.2 | 2.1 |
| Gaillimh | 1 | 1 | 66.2 | 72.7 | 1.7 | 1.7 |
| Port Láirge | 1 | 1 | 46.7 | 49.2 | 1.2 | 1.2 |
| Bailte | | | | | | |
| 10,000 agus níos mó | 28 | 34 | 496.2 | 615.9 | 12.7 | 14.5 |
| 5,000-9,999 | 33 | 39 | 233.9 | 272.7 | 6.0 | 6.4 |
| 3,000-4,999 | 25 | 29 | 99.5 | 108.6 | 2.5 | 2.6 |
| 1,500-2,999 | 53 | 63 | 114.0 | 128.3 | 2.9 | 3.0 |
| Iomlán | 144 | 175 | 2,334.3 | 2,574.4 | 59.6 | 60.7 |

San áireamh i Mórcheantar Átha Cliath tá Baile Átha Cliath agus a bhruachbhailte i bhFine Gall, Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

## Méadú sa Chathrú

Chaill an chéad trí ionad daonra (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach) sciar daonra i gcomparáid le 2002. Is féidir an treocht i dtreo cathraithe a fheiceáil go soiléir sna bailte seachas sna cathracha. Tá iomlán daonra na mbailte le daonra de 10,000 nó níos mó ós cionn 600,000 anois. Mhéadaigh daonra bailte níos lú le daonra de 1,500 go 9,999 faoi 13.9% – go maith ós cionn an mheáin náisiúnta de 8.2%. San iomlán, bhí méadú de 1.1 pointí céatadáin i sciar an daonra ag maireachtáil i gceantair uirbeacha – suas ó 59.6% sa bhliain 2002 go 60.7% sa bhliain 2006.

# STRUCHTÚR AOISE AGUS GNÉIS

## Struchtúr Aoise

(Foinse: Tábla 9)

Braitheann struchtúr aoise aon daonra ar threochtaí san am a chuaigh thart i dtorthúlacht, básmhaireacht agus imirce. I bhFigiúr 4, a léiríonn an daonra rangaithe de réir aoise agus gnéis sa bhliain 2006, tá sé soiléir cén tionchar a bhí ag an uasphointe i líon na mbreitheanna a tharla sa bhliain 1980; an laghdú géar a tháinig ansin sa chúig bliana déag ina dhiaidh agus an teacht ar ais i bpáirt tar éis sin le deich mbliana anuas. Tá tionchar na himirce, go háirid ar fhireannaigh ina bhfichidí agus a dtríochaidí, soiléir freisin.

**Figiúr 4 Daonra de réir aoise agus gnéis, 2006**




## Daonra ag dul in aois

Sa bhliain 2006 bhí meán aois de 35.6 bliana ag an daonra i gcomparáid le 35.1 bliana sa bhliain 2002. Bhí an daonra ab óige ag Fine Gall Átha Cliath sa bhliain 2006 (meán aois 32.2 bliana) le Cill Dara ina dhiaidh (32.8 bliana). Bhí an daonra ba shine sa Stát i gCo Ros Comáin, le meán aois de 38.3 bliana nuair a tógadh daonáireamh 2006 le Liatroim ina dhiaidh (38.1 bliana).

## Spleáchas ag meath

Tá tomhais achomair gharbha ach úsáideacha ar fáil sna cóimheasa spleáchais[1] aoise de struchtúr aoise an daonra ag pointe faoi leith ama. Déantar amach na cóimheasa spleáchais óga agus sean tríd an daonra óg (0-14 bliana) agus an daonra sean (65 bliana agus níos sine) a chur in iúl mar chéatadáin den daonra in aois oibre (15-64 bliana). Is ionann an cóimheas iomlán spleáchais agus iomlán na gcóimheas óg agus sean. Léiríonn Figiúr 5 cóimheasa spleáchais don tréimhse 1926 go 2006.


Sa bhliain 1981 tháinig líon na ndaoine óga chuig uasphointe ós cionn milliúin ach faoin mbliain 2002 bhí an figiúr sin laghdaithe go dtí timpeall 827,500 don chuid is

[1] Níl tuairim an spleáchais seo iomlán cruinn mar tarlaíonn éagsúlachtaí thar am i líon na ndaoine óga a fhanann ar feadh tréimhsí níos faide ag plé leis an oideachas lán-aimseartha agus i líon na ndaoine atá ós cionn 65 bliana d'aois agus a leanann orthu ag obair. Ó am go chéile freisin bheadh éagsúlachtaí sna céatadáin daoine faoi seach san aoisghrúpa 15-64 bliana taobh istigh agus taobh amuigh den lucht saothair.

mó mar thoradh ar rátaí torthúlachta a bhí ag laghdú. Sa tréimhse is déanaí idirdhaonáirimh mhéadaigh daonra an aoisghrúpa seo faoi 4.5% go dtí 864,600. Tá méadú tagtha ar an daonra sean ag gach daonáireamh ón mbliain 1961 ó 315,000 sa bhliain sin go dtí díreach faoi 468,000 sa bhliain 2006.

Ach, is é an t-athrú i líon na ndaoine ag aois oibre atá ina phríomh chinntitheach de chruth an ghraif um chóimheas spleáchais. Chinntigh an fo-ghrúpa daonra seo, a d'fhás ó 1.63 milliún sa bhliain 1961 go 2.9 milliún sa bhliain 2006, gur lean na cóimheasa spleáchais ag meath sa thréimhse sin.

**Figiúr 5 Cóimheasa spleáchais, 1926-2006**




## Cóimheas ghnéis

Léiríonn Tábla C an daonra de réir aoisghrúpa leathan agus gnéis do 2006.

**Tábla C Daonra de réir gnéis agus aoisghrúpa, 2006**

| Aoisghrúpa | Fireannaigh | Baineannaigh | Fireannaigh de réir gach 100 |
|---|---|---|---|
| | Mílte | | |
| 0-4 bliana | 154.6 | 147.7 | 104.6 |
| 5-14 " | 288.5 | 273.7 | 105.4 |
| 15-24 " | 321.0 | 311.7 | 103.0 |
| 25-34 " | 366.7 | 355.5 | 103.1 |
| 35-44 " | 315.2 | 308.2 | 102.3 |
| 45-54 " | 262.5 | 259.3 | 101.3 |
| 55-64 " | 205.5 | 201.6 | 102.0 |
| 65-74 " | 127.4 | 135.1 | 94.4 |
| 75-84 " | 64.8 | 92.5 | 70.1 |
| 85 bliana agus níos sine | 14.8 | 33.2 | 44.6 |
| Iomlán | 2,121.2 | 2118.7 | 100.1 |

San iomlán sháraigh líon na bhfireannach líon na mbaineannach faoi 2,500 sa bhliain 2006. Bhí barraíocht na bhfireannach fíor do gach ceann de na haoisghrúpaí léirithe ón mbreith go 65 bliana d'aois. Tá tionchair den bhásmhaireacht níos ísle baineannach soiléir do na haoisghrúpaí ós cionn 65, leis an gcóimheas ghnéis (i.e. líon na bhfireannach do gach 100 baineannach) ag laghdú le haois atá ag méadú. Do gach 100 baineannach 85 bliana agus níos sine sa bhliain 2006 bhí níos lú ná 45 fireannaigh.

# STÁDAS PÓSTA

Tá anailís i dTábla D ar an daonra 15 bliana d'aois agus níos sine de réir stádas phósta sna blianta 1996, 2002 agus 2006.

**Tábla D Daonra 15 bliana d'aois agus níos sine rangaithe de réir stádas phósta, 1996, 2002 agus 2006**


| Blianta | Daonra 15+ | Singil | Pósta | Scartha | Colscartha | Baintreach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mílte | | | |
| 1996 | 2,766.7 | 1,137.9 | 1,356.6 | 78.0 | 9.8 | 184.4 |
| 2002 | 3,089.8 | 1,314.7 | 1,454.4 | 98.8 | 35.1 | 186.9 |
| 2006 | 3,375.4 | 1,453.2 | 1,565.0 | 107.3 | 59.5 | 190.4 |
| | | | Céatadán athraithe | | | |
| 1996/2002 | 11.7 | 15.5 | 7.2 | 26.6 | 258.2 | 1.3 |
| 2002/2006 | 9.2 | 10.5 | 7.6 | 8.6 | 69.8 | 1.9 |

## Níos Mó Daoine Singil
(Foinse: Tábla 6A)

Mhéadaigh an daonra 15 bliana d'aois agus níos sine faoi 285,600 nó 9.2% idir 2002 agus 2006. D'fhás líon na ndaoine singil faoi 138,600 (10.5%) sa tréimhse chéanna agus bhí méadú de 110,600 (7.6%) i líon na ndaoine pósta.

Ós rud é go mbaineann beagnach 85% de phóstaí le daoine atá faoi 35 bliana d'aois is táscaire maith é an chuid den aoisghrúpa 35-44 bliana atá singil de na treochtaí fadtéarmacha sa daonra nach bpósann riamh. Is cairt é Figiúr 6 de chéatadán na ndaoine san aoisghrúpa seo a bhí singil ag gach daonáireamh ó 1926, ag idirdhealú idir fhireannaigh agus baineannaigh.

**Figiúr 6 Céatadán singil 35-44 bliana d'aois, 1926-2006**




Bhí coibhneas níos airde fireannach ná baineannach san aoisghrúpa 35-44 bliana singil ag gach daonáireamh ó 1926. Tháinig stop sa bhliain 1986 leis an meath fadtéarmach ó 1926 i gcoibhneas na ndaoine san aoisghrúpa 35-44 bliana a bhí singil. Mhéadaigh an coibhneas ag gach daonáireamh ó shoin. Léiríonn sé seo cé gur mhéadaigh an ráta póstaí don chuid is mó den tréimhse tháinig laghdú air arís le fiche bliain anuas.


Bhí an fás ba thapaidh ar rannóg an cholscartha de na rannóga a bhaineann le stádas pósta sa thréimhse ó 1996. Mhéadaigh líon na ndaoine a cuireadh ar thaifead sa dhaonáireamh mar dhaoine colscartha ó líon beag de 9,800 sa bhliain 1996 go dtí 35,000 sa bhliain 2002. Ó shoin i leith tá an figiúr seo méadaithe go 59,500 sa dhaonáireamh is déanaí. Tá na huimhreacha seo méadaithe mar gheall ar reachtaíocht an cholscartha a tháinig i bhfeidhm sa Stát sa bhliain 1997. Tháinig méadú de 3.2% ar líon na ndaoine a chur síos orthu féin mar scartha ar mheánbhonn bliantúil idir na blianta 1996 agus 2006. Ach, thit an ráta bliantúil méadaithe ó 4% idir na blianta 1996 agus 2002 go 2.1% sa thréimhse 2002-2006.

## Níos mó baineannach scartha

(Foinse: Táblaí 6B agus 6C)

Tá idirdhealú déanta i bhFigiúr 7 idir fhireannaigh agus baineannaigh scartha agus colscartha ó 1996 go 2006. B'ionann baineannaigh agus 57.3% de dhaoine scartha agus 54.3% de dhaoine colscartha sa bhliain 2006.

**Figiúr 7 Scartha agus colscartha de réir gnéis, 1996-2006**




## Briseadh Síos sa Phósadh

Tá comhartha de mhéad coibhneasta an bhriseadh síos sa phósadh curtha ar fáil tríd líon na ndaoine scartha agus colscartha a léiriú mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine a phós riamh. Sa bhliain 2006 sheas an coibhneas seo ag 8.7% i gcomparáid le 7.5% ceithre bliana roimhe.

Ag baint úsáide as an tomhas céanna bhí an ráta ab airde briseadh síos sa phósadh sa tír i gCathair Luimní (12.9%) le Baile Átha Cliath (11.6%) ina dhiaidh. Ar an taobh eile den scála bhí na rátaí ab ísle i gContae na Gaillimhe (6.3%) agus i gCabhán (6.4%) sa bhliain 2006.

## SOCRUITHE CÓNAITHE

**Cineálacha difriúla teaghlach**
(Foinse: Tábla 12)

Sa bhliain 2006 bhí 1,469,521 teaghlach príobháideach le daoine ina gcónaí iontu, le 4,123,318 gnáthchónaitheoirí. Díobh seo bhí 1,430,493 teaghlach príobháideach in aonaid bhuana tithíochta agus bhí 7,225 in aonaid sealadacha. Don 31,803 aonaid tithíochta eile ní raibh an cineál lóistín luaite. Cuireadh iad seo san áireamh leis na haonaid bhuana tithíochta sna Táblaí.

Thit meán méid na dteaghlach príobháideach ó 2.94 sa bhliain 2002 go 2.81 sa bhliain 2006, mar sin ag leanúint leis an meath fadtéarmach.

Tugann Tábla E briseadh síos ar theaghlaigh phríobháideacha de réir a gcomhdhéanamh[2] sna blianta 2002 agus 2006.

**Tábla E Teaghlaigh phríobháideacha de réir a gcomhdhéanamh, 2002 agus 2006**

| Comhdhéanamh an Teaghlaigh | Líon na dTeaghlach | | Athrú 2002-2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | 2002 | 2006 | Fiorathrú | Céatadán |
| | | Mílte | | % |
| Duine amháin | 277.6 | 329.5 | 51.9 | 18.7 |
| Lánúin* le clann | 211.4 | 269.5 | 58.1 | 27.5 |
| Lánúin* gan chlann | 489.5 | 517.3 | 27.8 | 5.7 |
| Lánúin* gan chlann ach le daoine eile | 17.2 | 23.9 | 6.7 | 39.0 |
| Lánúin* le clann agus le daoine eile | 44.3 | 31.7 | -12.6 | -28.4 |
| Tuismitheoir aonair le clann | 131.2 | 152.5 | 21.3 | 16.2 |
| Tuismitheoir aonair le clann agus le daoine eile | 19.4 | 17.2 | -2.2 | -11.4 |
| Dhá aonad teaghlaigh & níos mó | 5.7 | 20.3 | 14.6 | 253.6 |
| Teaghlaigh nach bhfuil gaolta | 91.7 | 107.6 | 15.9 | 17.3 |
| Iomlán | 1,288.0 | 1,469.5 | 181.5 | 14.1 |

* San áireamh le Lánúineacha tá Lánúineacha atá ina gcónaí in aontíos ach nach bhfuil pósta

Lánúineacha agus a gcuid leanaí a bhí sa chineál ba mhó teaghlaigh, 35% de na teaghlaigh ar fad sa bhliain 2006. Daoine aonair agus lánúineacha gan aon leanaí an chéad ghrúpa ba mhó eile ag 40% agus bhí tuismitheoirí aonair agus a gcuid leanaí i dteaghlach amháin as gach deich dteaghlach.

Den cheithre phríomh chineál teaghlach seo bhí an rannóg le lánúineacha gan leanaí ar an rannóg ba thapaidh fáis a mhéadaigh faoi 27.5% idir na bliana 2002 agus 2006.

Bhí beagainín sa bhreis ar 20,000 teaghlach le níos mó ná aonad amháin clainne ag maireachtáil iontu. Ach, tá tionchar ag an gceist nua caidrimh a bhí i ndaonáireamh 2006 ar an gcomparáid le 2002, nuair a bhí líon na dteaghlach seo ag 5,700. Sa bhliain 2002 bhí teaghlaigh rangaithe mar lánúineacha le leanaí agus daoine eile ina raibh b'fhéidir an dara aonad clainne ach nach raibh sé indéanta a

[2] Tá teaghlach agus comhdhéanamh clainne bunaithe ar fhreagraí ar an gceist ar fhoirm an daonáirimh a bhaineann le caidrimh taobh istigh den teaghlach. I ndaonáireamh 2002 agus i ndaonáirimh roimhe bhain an cheist leis an ngaol a bhí ag gach duine sa theaghlach leis an duine tagartha sa theaghlach. Sa cheist i ndaonáireamh 2006 cuireadh san áireamh an gaol a bhí ag duine leis an gcéad cheathrar sa theaghlach. Leis an leagan seo den cheist is féidir cineálacha clainne atá níos casta agus neamhghnách a chódáil. Go háirid tugann sé deis measúnú níos cruinne a dhéanamh ar theaghlaigh ina bhfuil níos mó ná clann amháin ag maireachtáil iontu. Do chuid de na rannóga faoi leith, mar sin, ní féidir comparáid díreach a dhéanamh idir sonraí ó 2002 agus 2006.

dhéanamh amach mar gheall ar leagan amach na ceiste ag an am (i.e. caidreamh leis an duine tagartha).

## Sean daoine ag maireachtáil ina n-aonair

(Foinse: Tábla 15)

Tá anailís tugtha i dTábla F ar shean daoine (i.e. iad siúd 65 bliana d'aois agus níos sine) atá ag maireachtáil ina n-aonair.

**Tábla F Daonra sean ina gcónaí leo féin i dteaghlaigh phríobháideacha, 2006**

| Aois ghrúpa | Daoine i dteaghlaigh phríobháideacha | Daoine ina gcónaí leo féin | Daoine ina gcónaí leo féin mar chéatadán de dhaoine san aoisghrúpa i dteaghlaigh phríobháideacha |
|---|---|---|---|
| | Mílte | | % |
| 65 bliana agus níos sine | 422.2 | 121.2 | 28.7 |
| 70 bliana agus níos sine | 286.2 | 94.1 | 32.9 |
| 75 bliana agus níos sine | 174.5 | 65.1 | 37.3 |

B'ionann daoine 65 bliana d'aois agus níos sine a bhí ina gcónaí ina n-aonair agus 36.8% de na daoine ar fad a bhí ag maireachtáil ina n-aonair sa bhliain 2006, ag an am céanna b'ionann daoine 75 bliana d'aois agus níos sine agus beagainín faoi 20% den iomlán.

Bhí beagnach 29% de dhaoine 65 bliana d'aois agus níos sine i dteaghlaigh phríobháideacha ina gcónaí ina n-aonair. Mhéadaigh an céatadán go dtí 33% do dhaoine 70 bliana d'aois agus níos sine agus go 37.3% dóibh siúd a bhí 75 bliana d'aois agus níos sine.

## Aonaid Chlainne

(Foinse: Tábla 16)

Bhí tionchar ollmhór ar mhéad an teaghlaigh ag an laghdú sa ráta iomlán torthúlachta ó ós cionn ceathrar sna 1960aidí go dtí níos lú ná beirt sna 1990aidí. Tá cur síos i dTábla G ar an athrú ar mhéid an teaghlaigh sa thréimhse fiche bliain 1986 go 2006.

**Tábla G Aonaid chlainne rangaithe de réir líon leanaí, 1986–2006**

| Líon leanaí | 1986 | 1991 | 1996 | 2002 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mílte | | |
| Duine ar bith | 132.1 | 145.4 | 173.5 | 232.9 | 303.6 |
| Duine | 161.7 | 174.2 | 195.7 | 243.1 | 300.1 |
| Beirt | 168.4 | 182.5 | 203.5 | 234.8 | 253.1 |
| Triúr | 128.3 | 130.4 | 131.9 | 134.7 | 131.7 |
| Ceathrar nó níos mó | 148.9 | 125.3 | 102.3 | 78.9 | 64.7 |
| Iomlán na n-aonad clainne | 739.5 | 757.9 | 806.8 | 924.5 | 1,053.2 |
| Iomlán leanaí in aonaid chlainne | 1,605.9 | 1,523.9 | 1,470.2 | 1,470.8 | 1,486.4 |
| Meánlíon leanaí de réir clainne | 2.2 | 2.0 | 1.8 | 1.6 | 1.4 |

Sa bhliain 2006 bhí ós cionn milliún clann sa Stát – suas 42% i gcomparáid le fiche bliain roimhe. Tharla an chuid is mó den mhéadú sa dheich mbliana is déanaí. Clanna, lánúineacha (pósta nó gan a bheith pósta) gan leanaí a bhí sa rannóg ba thapaidh fáis. Mhéadaigh a líon faoi 130% ó 1986. Bhí fás mór freisin i líon na gclanna le leanbh amháin nó le beirt leanaí agus thit líon na gclanna le ceathrar nó níos mó leanaí níos mó ná a leath sa thréimhse fiche bliain. Sa bhliain 2006 bhí beirt leanaí nó níos lú i gceithre chlann as gach cúig chlann i gcomparáid le 62.5% sa bhliain 1986. Thit meán líon na leanaí i ngach clann go seasta ó 2.2. go 1.4 sa thréimhse chéanna.

## Clanna Aontuismitheora

Sa bhliain 2006 bhí tuairim 189,200 clann aontuismitheora ann, sin méadú de 23% ar an mbliain 2002. Ach, ní mór cuimhniú go mbaineann cuid den mhéadú seo leis an athrú ar an gceist maidir le gaol a bhí in úsáid i ndaonáireamh 2006. Is féidir anois clann a chódáil ar bhealach níos cruinne. Bhain an méadú ba mhó le máithreacha aonair, le leanaí a bhí faoi 15 bliana d'aois (+57.6%). Mná a bhí mar cheann an teaghlaigh i gcás beagnach 86% de na clanna aontuismitheora (féach Tábla 16). Tuismitheoirí singil a bhí i 36% de na clanna ar fad tuismitheora aonair sa bhliain 2006. I gcás 29% de na clanna baintreach a bhí sa thuismitheoir aonair sin. Maidir le 30% eile de chlanna bhí an tuismitheoir aonair scartha nó colscartha.

## Lánúineacha in Aontíos

Tá eolas ar fáil i dTábla H ar líon na lánúineacha neamhphósta a bhí ag maireachtáil in aontíos sna blianta 1996, 2002 agus 2006 rangaithe de réir méid an aonaid chlainne.

**Tábla H Lánúineacha in aontíos de réir méid an aonaid chlainne, 1996, 2002 agus 2006**

| Líon Leanaí | 1996 | 2002 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | | Mílte | |
| Duine ar bith | 18.6 | 47.9 | 77.8 |
| Duine | 6.6 | 15.7 | 23.7 |
| Beirt | 3.5 | 8.8 | 13.4 |
| Triúr nó níos mó | 2.6 | 5.2 | 6.9 |
| Iomlán na n-aonad clainne | 31.3 | 77.6 | 121.8 |
| | | | |
| Iomlán leanaí in aonaid chlainne | 23.0 | 51.7 | 74.5 |
| Meánlíon leanaí de réir clainne | 0.7 | 0.7 | 0.6 |

San iomlán bhí 121,800 aonaid chlainne ann le lánúineacha neamhphósta in aontíos sa bhliain 2006, suas ó 77,600 ceithre bliana roimhe. Lánúineacha gan leanaí a bhí i mbeagnach dhá thrian díobh seo. Den 44,000 aonaid chlainne eile, bhí leanbh amháin ag níos mó ná a leath.

San iomlán, b'ionann lánúineacha neamhphósta in aontíos agus 11.6% de na haonaid chlainne ar fad sa bhliain 2006 i gcomparáid le 8.4% sa bhliain 2002. B'ionann iad siúd gan aon leanaí agus lánúin amháin as gach ceathrar gan leanaí sa bhliain 2006; ag an am céanna b'ionann iad siúd le leanaí agus 7.8% de na lánúineacha ar fad le leanaí. Mhéadaigh líon na leanaí a bhí ina gcónaí le tuismitheoirí neamhphósta in aontíos ó 51,700 sa bhliain 2002 go 74,500 ceithre bliana níos déanaí.

Léiríonn anailís níos doimhne ar na sonraí a bhaineann le lánúineacha neamhphósta in aontíos go raibh, i gcás 81.7% de na lánúineacha neamhphósta in aontíos gan leanaí, an dá pháirtí singil, i gcás 5% eile bhí an dá pháirtí scartha nó colscartha. Maidir le lánúineacha neamhphósta in aontíos gan aon leanaí b'iad 68% agus 8.5% na figiúirí sin faoi seach. Bhí beagnach 41% de bhaineannaigh a bhí ag maireachtáil mar chuid de lánúineacha neamhphósta in aontíos níos óige ná 30 bliana agus i gcás na bhfireannach b'é 36.2% an céatadán cuí.

Cuireadh 2,090 lánúineacha den ghnéas céanna a bhí ina gcónaí in aontíos ar thaifead i ndaonáireamh 2006 i gcomparáid le 1,300 sa bhliain 2002. Lánúineacha fireann a bhí i ndá thrian díobh seo.

## Torthúlacht na mban ag titim

(Foinse: Tábla 18)

Cuireadh ceist nua i ndaonáireamh 2006 maidir le líon na leanaí a saolaíodh beo do mhná. Cuireadh leagan den cheist a bhain le líon na leanaí a saolaíodh taobh istigh den phósadh reatha sna daonáirimh sna blianta 1961, 1971 agus 1981. Tá sé mar phríomh aidhm ag an gceist a bhí i ndaonáireamh 2006 measúnú a dhéanamh ar na rudaí a mbíonn tionchar acu ar rátaí torthúlachta. Ar an gcaoi seo déanfar na treochtaí go bhféadfaí a bheith ag súil leo maidir le réamh-mheastachán daonra a thomhas. Tá anailís déanta i dTábla 18 ar bhaineannaigh de réir aoisghrúpa, stádas pósta agus líon na leanaí a saolaíodh dóibh.

D'fhreagair níos mó ná 97% de mhná a bhí 20 bliain d'aois agus níos sine an cheist. Ag leagan béime ar mhná a bhí 40 bliain d'aois agus níos sine i.e. iad siúd gur dóigh nach saolfar aon leanaí eile dóibh, ní raibh aon leanaí ag 17.5%, bhí beirt leanaí ag 20% agus bhí triúr leanaí ag 20% eile.

Tá fianaise an mheatha sa thorthúlacht in Éirinn a bhí le feiceáil ó na 1960aidí le fáil sa mheán líon leanaí a saolaíodh do mhná ó na glúine éagsúla a bhí beo lá an daonáirimh. Ar an meán saolaíodh 350 leanaí do gach 100 bean san aoisghrúpa 65-69 bliana ag am an daonáirimh i rith a saoil, i gcomparáid le 220 leanaí do mhná san aoisghrúpa 40-44 bliana. Taobh istigh de ghlúin mar sin thit meán líon na leanaí ag gach bean 1.3 (ó 3.5 go 2.2).

# IMIRCE

## Áit atá an phríomháit chónaithe lonnaithe
(Foinse: Tábla 19)

Baineann figiúirí an daonáirimh leis an daonra de-facto, i.e. daoine i láthair sa Stát oíche an daonáirimh. Mar sin, tá cuairteoirí a bhí i láthair oíche an daonáirimh san áireamh ach níl gnáthchónaitheoirí a bhí as láthair go sealadach san áireamh. Tá briseadh síos i dTábla I ar an daonra a cuireadh san áireamh sa bhliain 2006 de réir a ngnátháite cónaithe.

**Tábla I Daonra a cuireadh san áireamh rangaithe de réir na háite ina bhfuil a bpríomháit chónaithe lonnaithe, 2006**

| Áit atá an phríomháit chónaithe lonnaithe | Daoine | Céatadán |
|---|---|---|
| | Mílte | % |
| Áit a cuireadh san áireamh iad | 4,067.8 | 95.9 |
| Áit eile sa chontae | 43.5 | 1.0 |
| I gcontae eile | 60.7 | 1.4 |
| Taobh amuigh d'Éirinn | 67.8 | 1.6 |
| Iomlán | 4,239.8 | 100.0 |

Beagnach 4.07 milliún duine, sin 95.9% den daonra áirithe, a cuireadh san áireamh ina ngnátháit chónaithe. Bhí 43,500 eile curtha san áireamh in áiteanna eile sa chontae céanna ina bhfuil a ngnátháit chónaithe, cuireadh 60,700 eile san áireamh in áiteanna eile sa Stát. Tuairim 67,800 cuairteoirí ó thar lear (sin 1.6% den daonra áirithe) a bhí i láthair sa Stát oíche an daonáirimh. Cuairteoirí as Sasana agus ón mBreatain Bheag (17,100), ón bPolainn (10,100) agus ó na Stáit Aontaithe (8,600) na grúpaí ba mhó cuairteoirí faoi seach.

## Daoine as láthair

Chomh maith leis an módheolaíocht *de-facto* a bhí in úsáid leis an daonra a áireamh, rinneadh an líon gnáthchónaitheoirí a bhí as láthair óna ngnátháit chónaithe oíche an daonáirimh a áireamh tríd freagraí ar shraith cheisteanna a mheas. Ceisteanna iad seo a bhain le daoine as láthair agus a bhí ar an bhfoirm dhaonáirimh don chéad uair sa bhliain 2002. Cinnte bhí na ceisteanna seo le freagairt ag duine nó daoine éigin a bhí i láthair sa theaghlach agus mar sin níor cuireadh san áireamh aon teaghlach nach raibh duine ar bith ann oíche an daonáirimh.

Chomh maith leis an 4,067,000 duine a cuireadh san áireamh ina ngnátháiteanna cónaithe oíche an daonáirimh, cuireadh 186,500 eile san áireamh mar as láthair agus, díobh seo dúradh go raibh 113,600 as láthair go sealadach (i.e. tréimhse níos lú ná 3 mhí) oíche an daonáirimh. Mar atá le feiceáil i dTábla J, bhí 119,900 de na daoine as láthair seo sa Stát oíche an daonáirimh, rud a chiallaíonn gur cuireadh san áireamh iad, fiú más in áit eile í seachas ina ngnátháit chónaithe.

**Tábla J Daoine as láthair de réir áite agus tréimhse as láthair, 2006**

| I bPoblacht na hÉireann ar an Domhnach 23 Aibreán 2006? | Iomlán | Tréimhse as láthair ón gnátháit chónaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Níos lú ná 3 mhí | 3 mhí nó níos mó | Ní raibh sé luaite |
| | Mílte | | | |
| Bhí | 119.9 | 74.7 | 44.6 | 0.6 |
| Ní raibh | 60.9 | 36.1 | 24.7 | - |
| Ní raibh sé luaite | 5.7 | 2.8 | 2.2 | 0.8 |
| Iomlán | 186.5 | 113.6 | 71.5 | 1.4 |

## Tionchar na himirce ar aoisghrúpaí

Má dhéantar comparáid idir líon na ndaoine in aoisghrúpa faoi leith ag daonáireamh amháin leis an líon sa ghrúpa céanna ag an daonáireamh roimhe – breitheanna agus básanna curtha san áireamh – is féidir tionchar na himirce ar an ngrúpa sin a mheas. I dTábla K tá meastúcháin tugtha ar an imirce ghlan rangaithe de réir aoisghrúpa leathan do thréimhsí áirid idirdhaonáirimh ó 1986.

**Tábla K Tionchar na himirce glan ar aoisghrúpaí áirid sna tréimhsí idirdhaonáirimh ó 1986**

| Aoisghrúpa | 1986-1991 | 1991-1996 | 1996-2002 | 2002-2006 |
|---|---|---|---|---|
| | | Mílte | | |
| Fireannaigh | | | | |
| 0-14 bliana | -4.5 | 10.3 | 15.7 | 11.4 |
| 15-24 ” | -40.2 | -26.1 | -13.8 | 10.1 |
| 25-34 ” | -28.1 | 1.4 | 25.8 | 48.5 |
| 35-44 ” | -4.3 | 6.1 | 27.8 | 23.7 |
| 45-54 ” | -1.9 | 3.0 | 9.3 | 9.1 |
| 55-64 ” | 1.0 | 3.4 | 6.1 | 2.5 |
| 65 bliana agus níos sine | 3.9 | 3.5 | 5.3 | 1.9 |
| Iomlán | -74.0 | 1.6 | 76.3 | 107.2 |
| Baineannaigh | | | | |
| 0-14 bliana | -3.6 | 9.8 | 17.1 | 11.4 |
| 15-24 ” | -37.6 | -22.8 | -6.9 | 14.1 |
| 25-34 ” | -19.6 | 7.6 | 31.1 | 37.6 |
| 35-44 ” | -1.8 | 5.9 | 21.2 | 14.1 |
| 45-54 ” | -1.3 | 1.6 | 5.6 | 4.5 |
| 55-64 ” | 1.1 | 2.1 | 4.9 | 0.9 |
| 65 bliana agus níos sine | 3.3 | 2.4 | 4.5 | 0.9 |
| Iomlán | -59.6 | 6.7 | 77.6 | 83.6 |
| Meánimirce ghlan bhliantúil | -26.8 | 1.7 | 25.6 | 47.7 |

Ag leibhéal iomlán, d'athraigh imirce ghlan treo ó eisimirce ghlan i rith na mblianta 1986-1991 go h-inimirce ghlan sna tréimhsí ina dhiaidh sin atá tugtha.

Bhí caillteanas ag an aoisghrúpa 15-24 bliana mar gheall ar eisimirce ghlan i dtrí chinn den cheithre fo-thréimhse tugtha thuas. Bhí sé seo fíor shoiléir nuair a bhí eisimirce ghlan iomlán ard idir na blianta 1986 agus 1991. Fiú sa thréimhse 1996-2002, nuair a bhí meán inimirce ghlan bhliantúil níos mó ná 25,000, lean an aoisghrúpa 15-24 ag taispeáint caillteanais ghlan de bharr na heisimirce.

Bhí tionchar mór freisin ag an imirce ar na haoisghrúpaí 25-34 agus 35-44 bliana. Le bliana beaga anuas chuir náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus Éireannaigh a rugadh anseo a d'fhill ó thar lear le líon na ndaoine sna haoisghrúpaí seo. Bhí an tionchar níos mó i measc na bhfireannach ná na mbaineannach sa thréimhse 2002-2006.

Baineann na táblaí eile sa rannóg imirce leis an daonra gnáthchónaitheoirí seachas iad siúd a bhí as láthair go sealadach ón Stát oíche an daonáirimh.

## Áit bhreithe

(Foinse: Tábla 20)

Tá míniú tugtha ar an imirce fadtéarmach tríd anailís a dhéanamh ar an daonra gnáthchónaitheoirí de réir áite breithe. Tá anailís den chineál sin ar fáil i dTábla L do na blianta 2002 agus 2006.

**Tábla L Daonra gnathchónaitheoirí de réir áite breithe, 2002 agus 2006**

| Áit bhreithe | 2002 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | Mílte | % | Mílte | % |
| Éire | 3,458.5 | 89.6 | 3,559.4 | 85.3 |
| Contae ina bhfuil gnáthchónaí | 2,697.7 | 69.9 | 2,710.0 | 65.0 |
| Contae eile | 760.7 | 19.7 | 849.4 | 20.4 |
| Taobh amuigh d'Éirinn (Poblacht) | 400.0 | 10.4 | 612.6 | 14.7 |
| AE 25 | 290.9 | 7.5 | 438.5 | 10.5 |
| Tuaisceart Éireann | 49.9 | 1.3 | 50.2 | 1.2 |
| An Bhreatain Mhór | 198.6 | 5.1 | 221.6 | 5.3 |
| An Pholainn | 2.2 | - | 63.1 | 1.5 |
| An Liotuáin | 2.1 | - | 24.8 | 0.6 |
| Tíortha eile AE25 | 38.1 | 1.0 | 78.8 | 1.9 |
| SAM | 21.5 | 0.6 | 25.2 | 0.6 |
| Tíortha eile | 87.6 | 2.3 | 149.0 | 3.6 |
| Iomlán | 3,858.5 | 100.0 | 4,172.0 | 100.0 |

4,172,000 gnáthchónaitheoirí a bhí i láthair sa Stát oíche an daonáirimh, suas 312,900 nó 8.1% ón mbliain 2002. Bhí timpeall dhá-thrian díobh seo ina gcónaí sa chontae inár rugadh iad ag am an daonáirimh, bhí 20% eile ina gcónaí i gcontae eile ón gceann inár rugadh ann iad.

Rugadh níos mó ná 610,000 gnáthchónaitheoirí, sin 14.7% den iomlán, taobh amuigh den Stát. Beagnach 440,000 (10.5%) den iomlán a rugadh san AE 25 (gan Éire san áireamh). Na daoine a rugadh sa Bhreatain Mhór (221,600) an grúpa ba mhó agus daoine a rugadh sa Pholainn (63,100) an dara ghrúpa is mó anois de na daoine a rugadh thar lear. Tá briseadh síos mionn ar fáil i dTábla 21 rangaithe de réir aoisghrúpa leathain. Léiríonn sé seo go raibh 84.4% de na daoine ón 10 dtír nua a tháinig isteach san AE ar an 1 Bealtaine 2004 agus a raibh gnáthchónaí sa Stát orthu ag am an daonáirimh san aoisghrúpa 15-44 bliana.

## Náisiúntacht

(Foinse: Tábla 25)

Cuireadh an cheist maidir le Náisiúntacht, a cuireadh don chéad uair i ndaonáireamh 2002, arís sa bhliain 2006. Baineadh úsáid as boscaí tic don trí rannóg: "Éireannach", "Náisiúntacht eile" (b'éigean an freagra a scríobh isteach) agus "Gan aon náisiúntacht". Bhí deis ag freagróirí níos mó ná náisiúntacht amháin a roghnú. Tá anailís i dTábla M ar an daonra gnáthchónaitheoirí de réir náisiúntachta agus gnéis.

**Tábla M Daonra gnáthchónaitheoirí de réir náisiúntachta, 2002 agus 2006**

| Náisiúntacht | 2002 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | Mílte | % | Mílte | % |
| Éireannach (san áireamh dé-Éireannach/eile) | 3,585.0 | 92.8 | 3,706.7 | 88.9 |
| RA | 103.5 | 2.7 | 112.5 | 2.7 |
| AE 25 eile | 38.4 | 1.0 | 163.2 | 3.9 |
| Cuid eile den Eoraip | 14.7 | 0.4 | 24.4 | 0.6 |
| An Afraic | 21.0 | 0.5 | 35.3 | 0.8 |
| An Áise | 21.8 | 0.6 | 47.0 | 1.1 |
| SAM | 11.4 | 0.3 | 12.5 | 0.3 |
| Tíortha eile | 11.2 | 0.3 | 22.4 | 0.5 |
| Ollnáisiúntacht | 2.3 | 0.1 | 2.4 | 0.1 |
| Gan náisiúntacht | 0.8 | 0.0 | 1.3 | 0.0 |
| Níl sé luaite | 48.4 | 1.3 | 44.3 | 1.1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 3,858.5 | 100.0 | 4,172.0 | 100.0 |

3.7 milliún náisiúnaigh Éireannacha (san áireamh iad siúd le náisiúntacht Éireannach agus náisiúntacht eile) a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát ag am an daonáirimh, suas 120,000 nó 3.4% ón mbliain 2002.

Mhéadaigh líon na náisiúnach neamh-Éireannach a raibh cónaí sa Stát orthu ó 224,000 go 420,000 (+87%) thar an tréimhse chéanna. Náisiúnaigh an AE, seachas náisiúnaigh Éireannacha nó an RA, an grúpa ba thapaidh fáis chomh maith le daoine ón Afraic agus ón Áise. 63,300 náisiúnaigh ón bPolainn a bhí anseo agus 24,600 náisiúnaigh ón Liotuáin. San iomlán b'ionann náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus 10% den daonra gnáthchónaitheoirí a luaigh a náisiúntacht in Aibreán 2006.

## Gnátháit chónaithe bliain ó shoin

I dTábla N tá an daonra gnáthchónaitheoirí a bhí bliain d'aois agus níos sine rangaithe de réir a ngnátháite cónaithe bliain roimh an daonáireamh sna blianta 2002 agus 2006. Tugann na sonraí pictiúr dúinn den imirce le blianta beaga anuas taobh istigh den Stát agus ó thaobh amuigh den Stát.

**Tábla N Gnáthchónaitheoirí bliain d'aois agus níos sine rangaithe de réir gnátháite cónaithe bliain roimh an Daonáireamh, 2002 agus 2006**

| Gnátháit chónaithe bliain ó shoin | 2002 | 2006 |
|---|---|---|
| | Mílte | |
| Éire | 3,728.3 | 3,989.6 |
| Seoladh céanna | 3,467.4 | 3,667.5 |
| Áit eile sa chontae | 185.8 | 233.8 |
| I gcontae eile | 75.0 | 88.2 |
| Taobh amuigh d'Éirinn (Poblacht) | 76.1 | 121.7 |
| Tuaisceart Éireann | 3.5 | 3.4 |
| An Bhreatain Mhór | 22.2 | 19.3 |
| An Pholainn | 0.8 | 33.4 |
| An Liotuáin | 1.1 | 7.4 |
| AE 25 eile | 12.0 | 26.6 |
| SAM | 6.1 | 5.9 |
| Tíortha eile (san áireamh na daoine nár luaigh tír) | 30.4 | 25.8 |
| Iomlán | 3,804.4 | 4,111.3 |

Mhéadaigh an imirce taobh istigh den Stát, is féidir í a mheas bunaithe ar athruithe seoltaí sa dhá mhí déag roimh an daonáireamh, faoi 23.4% sa dhá mhí déag suas go dtí Aibreán 2006 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna ceithre bliana roimhe. Bhog beagnach 73% de na daoine a d'athraigh a seoltaí taobh istigh d'Éirinn sa dhá mhí déag roimh lá an daonáirimh taobh istigh den chontae céanna. I gcomhthéacs an athraithe i ndáileadh geografach an daonra tá gach cosúlacht ann gur bhog formhór na ndaoine sin ó cheantair chathracha amach chuig na bruachbhailte taobh istigh den chontae céanna.

Mhéadaigh líon na ndaoine a tháinig isteach sa Stát sa dhá mhí déag roimh lá an daonáirimh faoi 60% i gcomparáid leis an gceithre bliana roimhe. Ó thíortha eile an AE a tháinig timpeall trí cheathrú de na daoine seo. Ón bPolainn (33,400) a tháinig an grúpa ba mhó, ina dhiaidh sin ón RA (22,600) agus ón Liotuáin (7,400). B'ionann na tíortha eile AE agus beagnach 22% den bhualadh isteach aon bhliana.

## Daoine a mhair thar lear ar feadh bliana nó níos mó

(Foinse: Tábla 24)

I dTábla O tá gnáthchónaitheoirí bliain amháin d'aois agus níos sine a rugadh taobh amuigh den Stát rangaithe de réir na tréimhse inár tháinig siad chun cónaí sa Stát agus na tíre ina raibh cónaí orthu roimhe inti. Tá anailís níos leithne tugtha i dTábla 24 a dhéanann cónaitheoirí a rugadh in Éirinn agus a mhair taobh amuigh den Stát ar feadh bliana iomlán nó níos mó a aimsiú.

**Tábla O Daonra gnáthchónaitheoirí bliain d'aois nó níos sine a rugadh taobh amuigh den Stát. Rangaithe anseo de réir na bliana a raibh céadchónaí in Éirinn (Poblacht) orthu agus de réir na tíre ina raibh cónaí roimhe orthu, 2006**

| Bliain chéadchónaithe in Éirinn (Poblacht) | Iomlán | RA | AE 15 gan Éire agus an RA san áireamh | AE15 go AE25 ballstáit nua | SAM | Tíortha eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Roimh 1951 | 2,184 | 1,528 | 82 | 11 | 313 | 250 |
| 1951 - 1960 | 2,823 | 2,175 | 161 | 12 | 176 | 299 |
| 1961 - 1970 | 11,150 | 8,641 | 484 | 18 | 820 | 1,187 |
| 1971 - 1980 | 26,636 | 21,391 | 1,160 | 61 | 1,478 | 2,546 |
| 1981 - 1990 | 25,867 | 18,028 | 2,286 | 84 | 1,921 | 3,548 |
| 1991 - 2000 | 106,101 | 62,266 | 10,569 | 1,814 | 8,072 | 23,380 |
| 2001 - 2006 | 188,657 | 45,898 | 20,030 | 59,218 | 8,640 | 54,871 |
| Níl sé luaite | 40,406 | 5,542 | 3,382 | 11,183 | 986 | 19,313 |
| Iomlán | 403,824 | 165,469 | 38,154 | 72,401 | 22,406 | 105,394 |

Níor fhreagair tuairim 34% den 611,190 gnáthchónaitheoirí a bhí bliain amháin nó níos sine agus a rugadh thar lear an cheist seo. Mar gheall ar na focail a bhí in úsáid i.e. "Ar chónaigh tú lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse leanúnaí de bhliain nó níos mó?", d'fhéadfadh sé go raibh míthuiscint ann nár bhain an cheist seo le daoine a rugadh thar lear.

Den 404,000 duine nár fhreagair, dúirt beirt as gach cúigear acu gur ón RA a tháinig siad agus dúirt 18% eile gur ón deich dtír a tháinig isteach san AE ar an 1 Bealtaine 2004 a tháinig siad. Tháinig beagnach 38% díobh siúd a tháinig ón RA chun cónaí sa Stát sna 1990aidí, i gcás na ndaoine a tháinig ó Stáit nua an AE ba sa thréimhse 2001-2006 a tháinig beagnach 82% díobh isteach sa Stát.

# CÚLRA EITNEACH NÓ CULTÚR

**Ceist nua maidir le cúlra eitneach nó cultúr**
(Foinse: Tábla 27)

Bhí ceist nua i ndaonáireamh 2006 a bhain le cúlra eitneach nó cultúr. Chuaigh an POS i gcomhairle leis na húdaráis éagsúla ionadaíochta agus mholadar rannóga le boscaí tic le roghnú agus na focail a bhí in úsáid le cur síos ar na rannóga seo. Bhí an cheist seo san áireamh i dtástáil phíolótach daonáirimh i mí an Aibreáin 2004. Bunaithe ar thorthaí ó thástáil an daonáirimh rinneadh cinneadh an cheist a bheith mar chuid de dhaonáireamh 2006. Tá anailís i dTábla P ar na figiúirí ceannlíne do ghnáthchónaitheoirí.

**Tábla P Gnáthchónaitheoirí rangaithe de réir cúlra eitnigh nó cultúir, 2006**

| Rannóg | Mílte | % |
|---|---|---|
| Cine Geal | | |
| Éireannach | 3,645.2 | 87.4 |
| Ball de Lucht Taistil na hÉireann | 22.4 | 0.5 |
| Aon chúlra eile geal | 289.0 | 6.9 |
| Gorm nó Éireannach Gorm | | |
| Afraiceach | 40.5 | 1.0 |
| Aon chúlra Gorm eile | 3.8 | 0.1 |
| Áiseach nó Áiseach Éireannach | | |
| Síneach | 16.5 | 0.4 |
| Aon chúlra Áiseach eile | 35.8 | 0.9 |
| Eile, cúlra measctha san áireamh | 46.4 | 1.1 |
| Ní raibh sé luaite | 72.3 | 1.7 |
| Iomlán | 4,172.0 | 100.0 |

Roghnaigh beagnach 95% den daonra gnáthchónaitheoirí Cine Geal don cheist seo. 1.3% den daonra iad daoine Áiseacha nó Áiseacha Éireannacha, 1% de ghnáthchónaitheoirí a chur tic sa bhosca Afraiceach sa rannóg Cine Gorm nó Éireannach Gorm.

**Titim i Lucht Taistil na hÉireann**
(Foinse: Tábla 28)

22,369 gnáthchónaitheoirí a chur tic sa bhosca Ball de Lucht Taistil na hÉireann sa dhaonáireamh is déanaí, síos ó 23,509 sa bhliain 2002. Ba cheart a chuimhniú gur sa bhliain 2002 bhí leagan eile den cheist in úsáid gan le déanamh ach tic a chur sa bhosca cuí ‘Is ea’ nó ‘Ní hea’ mar fhreagra ar an gceist “An ball thú de Lucht Taistil na hÉireann?”. Is cosúil go raibh tionchar ag an athrú sa cheist ar an gcomparáid gur féidir a dhéanamh idir na torthaí ó 2002 agus 2006. Bunaithe ar rátaí aitheanta torthúlachta agus básmhaireachta i measc an lucht taistil, bhéifí ag súil le figiúr sa bhreis ar 25,000 dá mbeadh leagan amach na ceiste a bhí ann sa bhliain 2002 coinnithe gan aon athrú sa bhliain 2006.

I ndaonáireamh 2006 cuireadh 22,435 ball de Lucht Taistil na hÉireann san áireamh, b’ionann sin agus 5.3 do gach míle den daonra iomlán. Is ionann seo agus laghdú de 1,254 nó 5.3% i gcomparáid le 2002. B’í Cathair na Gaillimhe (16.4 do gach míle) an contae leis an gcéatadán ba mhó baill de Lucht Taistil na hÉireann sa bhliain 2006, ina dhiaidh sin a bhí Longford (15.8 do gach míle). Ba i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin (1.9 do gach míle) agus i gContae Chorcaí (2.0 do gach míle) a bhí na céatadáin ba lú.

**Níos mó den Lucht Taistil i lóistín buan**
(Foinse: Tábla 30)


Cuireadh beagán sa bhreis ar 2% den Lucht Taistil san áireamh in áitribh chomhchoiteanna. Den 22,002 eile, bhí 69.1% ina gcónaí i lóistín buan (san áireamh lóistín buan i gcampaí an lucht taistil). Bhí 24.9% ina gcónaí i gcarbháin nó tithe soghluaiste agus níor fhreagair 6% an cheist chuí. In aineoinn líon iomlán níos lú den Lucht Taistil a bheith curtha san áireamh sa bhliain 2006 d’ardaigh an líon a bhí ina gcónaí i lóistín buan faoi 1,750 (13%) ón mbliain 2002 agus thit an líon a bhí ina gcónaí in aonaid sealadacha tithíochta 2,295 (29.5%) sa thréimhse chéanna.

Bhí 96.7 fireannaigh do gach 100 baineannaigh i measc an Lucht Taistil – níos lú ná an cóimheas gnéis de 100.1 ar thaifead don daonra ina iomlán. Tá an chomparáid idir struchtúr aoise an Lucht Taistil agus an daonra iomlán faoi bhliain amháin aoise fíor láidir áfach (féach Figiúr 8). Tá an-difríocht idir próifíl aoise an dá daonra. B'ionann an daonra óg idir 0-14 bliana agus 20.4% den daonra ginearálta ach i gcás an Lucht Taistil b'ionann an daonra óg agus 41.4%. 2.6% de dhaonra iomlán an Lucht Taistil a bhí níos sine (i.e. daoine a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine) i gcomparáid le 11% don daonra ginearálta.

Mar thoradh ar an struchtúr aoise difriúil seo sa Lucht Taistil bhí meán aois de hocht mbliana déag acu i gcomparáid leis an bhfigiúr náisiúnta de 33 bliana.

Mar thoradh ar an ráta ard breithe sa Lucht Taistil tá céatadáin níos airde sna haoisghrúpaí níos óige agus mar sin céatadáin níos lú sna haoisghrúpaí níos sine. Chomh maith tá tionchar ar na haoisghrúpaí níos sine ag na rátaí níos airde básmhaireachta sa Lucht Taistil ag aoiseanna níos óige i gcomparáid leis an daonra ina iomlán. Is féidir é seo a fheiceáil i bhFigiúr 8 má bhreathnaíonn duine ar an titim níos tapaidh sna céatadáin a bhaineann leis an Lucht Taistil atá níos sine.

**Figiúr 8 Céatadán daonra de réir aoise, 2006**




## Stádas Pósta

Bhí níos lú den daonra 15 bliana d'aois agus níos sine sa Lucht Taistil singil (39%) i gcomhréir leis an daonra ginearálta (43%). Bhí an claonadh i dtreo rátaí níos airde pósta sa Lucht Taistil níos forleithne sna haoisghrúpaí níos óige. Bhí 21.6% de na fir sa Lucht Taistil san aoisghrúpa 15-24 bliana pósta i gcomparáid le 1.4% don daonra ginearálta fireann. 26% de mhná agus 2.7%, faoi seach, na rátaí sin don daonra ginearálta.

# AN GHAEILGE

## Ceist nua maidir leis an nGaeilge

Níor déanadh aon athrú ar an gceist a bhain le cumas labhartha na Gaeilge ón gcéad uair a cuireadh í i ndaonáireamh 1996 sa dá dhaonáireamh 2002 agus 2006. Mar sin is féidir comparáid díreach a dhéanamh idir an trí dhaonáireamh seo. Rinneadh athrú i 2006 ar leagan na ceiste a bhain le míníocht úsáide na teanga ón leagan a bhí in úsáid sna blianta 1996 agus 2002. I 2006 iarraidh ar chainteoirí laethúla idirdhealú a dhéanamh idir úsáid na Gaeilge go laethúil sa chóras oideachais agus taobh amuigh de. Is cinnte go raibh tionchar ag an athrú seo sa dhaonáireamh is déanaí ar chomparáidí idir torthaí an daonáirimh seo agus torthaí an dá dhaonáirimh roimhe.


## Cumas na Gaeilge a labhairt

(Foinse: Tábla 31)

Tuairim 1.66 milliún duine trí bliana d’aois agus níos sine a cuireadh ar thaifeadh mar chainteoirí Gaeilge sa bhliain 2006. Is ionann seo agus 40.8% de na freagróirí don cheist sin, i gcomparáid le 42.8% sa bhliain 2002. Bhain na céatadáin ba mhó cainteoirí Gaeilge leis na haoisghrúpaí in aois scoile, i.e. 10-14 agus 15-19 (féach Figiúr 9). Titeann an cumas san aoisghrúpa díreach iar-oideachais ach tá sé níos láidre arís don aoisghrúpa 45-54 bliana. Ina dhiaidh sin titeann céatadán na ndaoine atá ar a gcumas Gaeilge a labhairt go seasta de réir mar a éiríonn daoine níos sine.

Bhí níos mó mná (45.3%) i gcomhréir le fir (38.4%) in ann Gaeilge a labhairt sa bhliain 2006, síos ó 45.9% agus 39.7%, faoi seach sa bhliain 2002. Mar a bhí sna blianta 1996 agus 2002, bhí an fuílleach baineann soiléir i ngach aoisghrúpa – an difríocht níos láidre san aoisghrúpa 15-19 bliana.

**Figiúr 9 Cumas na Gaeilge a labhairt de réir aoisghrúpa agus gnéis, 2006**




## Minicíocht Úsáide

(Foinse: Táblaí 32A-32B)


Den 1.66 milliún duine a dúirt go bhfuil sé ar a gcumas Gaeilge a labhairt, labhair 485,000 (29.3%) í go laethúil taobh istigh den chóras oideachais agus labhair 53,500 (3.2%) duine eile í ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Tá an céatadán iomlán (32.5%) i bhfad níos airde ná céatadán 2002 (21.6%). Ag breathnú ar an treocht atá ag titim idir 1996 agus 2002 i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge, tá tionchar mór ag an athrú ceiste ar an difríocht ó 2002 go 2006. Tá fianaise seo le fáil sa mhéad agus gurb ionann na haoisghrúpaí a bhí ag freastal ar an scoil, 5-19 bliana, agus 80% de na cainteoirí laethúla sa bhliain 2006 i gcomparáid le 76.8% sa bhliain 2002.

## Ceantair Ghaeltachta

(Foinse: Táblaí 33-34)

Sa bhliain 2006 b'ionann na cainteoirí Gaeilge agus 71.4% den daonra a bhí trí bliana d'aois agus níos sine taobh istigh de na ceantair Ghaeltachta, síos ó 72.6% sa bhliain 2002. Thit céatadán na gcainteoirí Gaeilge i ngach ceantar Gaeltachta seachas i nGaeltachtaí na Mí agus Port Láirge – an dá cheantar Gaeltachta is lú. Bhí éagsúlacht i gcéatadán na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta éagsúla mar atá le feiceáil i bhFigiúr 10.

**Figiúr 10 Céatadán den daonra 3 bliana agus níos sine sa Ghaeltacht a labhraíonn an Ghaeilge*, 1996, 2002 agus 2006**




* Gan daoine nár fhreagair a bheith san áireamh

Tuairim 60% de lucht labhartha na Gaeilge atá lonnaithe sa Ghaeltacht a labhraíonn í ar bhonn laethúil agus 10.3% eile a labhraíonn í go seachtainiúil. Sa bhliain 2002 b'iad na céatadáin sin 55.6% agus 11%, faoi seach. Ach, ní mór cuimhniú go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag an athrú i leagan amach na ceiste ar an gcomparáid seo. Beagainín ós cionn 23% de lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht a labhraíonn an Ghaeilge níos lú ná go seachtainiúil, ag an am céanna dúirt 6.3% nach labhraíonn siad an Ghaeilge riamh (féach Tábla 34).

# CREIDEAMH

## Creideamh
(Foinse: Táblaí 35-36)

Tá achoimre i dTábla Q den daonra de réir na bpríomhghrúpaí creidimh sna blianta 2002 agus 2006.

**Tábla Q Daonra de réir grúpa creidimh, 2002 agus 2006**

| Creideamh | 2002 | 2006 | Fíor athrú 2002-2006 | Céatadán athraithe 2002-2006 |
|---|---|---|---|---|
| | | Mílte | | % |
| Caitliceach Rómánach | 3,462.6 | 3,681.4 | 218.8 | 6.3 |
| Eaglais na hÉireann (protastúnach san áireamh) | 115.6 | 125.6 | 10.0 | 8.7 |
| Críostaí (gan sonrú) | 21.4 | 29.2 | 7.8 | 36.4 |
| Preispitéireach | 20.6 | 23.5 | 2.9 | 14.1 |
| Ioslamach | 19.1 | 32.5 | 13.4 | 70.2 |
| Ceartchreideamh | 10.4 | 20.8 | 10.4 | 100.0 |
| Modhach | 10.0 | 12.2 | 2.2 | 22.0 |
| Creideamh eile luaite | 40.0 | 57.9 | 17.9 | 44.8 |
| Gan creideamh | 138.3 | 186.3 | 48.0 | 34.6 |
| Níl sé luaite | 79.1 | 70.3 | -8.8 | -11.2 |
| Iomlán | 3,917.2 | 4,239.8 | 322.6 | 8.2 |

Mhéadaigh líon na gCaitliceach Rómánach ar thaifead faoi 218,800 nó 6.3% idir na blianta 2002 agus 2006. Ach, ós rud é go raibh céatadán an mhéadaithe níos ísle don daonra ina iomlán sa thréimhse sin (8.2%), thit sciar na gCaitliceach Rómánach sa daonra ó 88.4% sa bhliain 2002 go 86.8% sa bhliain 2006.

Mhéadaigh líon na ndaoine a bhain le hEaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) faoi 10,000 nó 8.7% – díreach níos mó ná an t-ardú náisiúnta sa dhaonra. Ioslamaigh a bhí sa tríú rannóg ba mhó creidimh sa bhliain 2006 – suas 13,400 go beagainín sa bhreis ar 32,500. Mhéadaigh lucht leanúna an Cheartchreidimh faoi dhó go dtí 20,800 idir na blianta 2002 agus 2006. Tuairim 186,300 duine, b'ionann sin agus 4.4% den daonra, a chuir tic sa bhosca 'Níl aon chreideamh' sa bhliain 2006.

Bhí tionchar ag treochtaí imirce ar athruithe i líon na ndaoine a bhaineann leis na grúpaí creidimh éagsúla thar dhaonáirimh le deireanas. Tá gnáthchónaitheoirí rangaithe i dTábla 36 de réir creidimh agus náisiúntachta. Léiríonn an tábla gur Caitlicigh Rómánacha a bhí i 92% de na náisiúnaigh Éireannacha i gcomparáid le 50.8% de na náisiúnaigh neamh-Éireannacha.

Ag an gCeartchreideamh a bhí an céatadán ab airde náisiúnaigh neamh-Éireannacha (84.2%) B'as Oirthear na hEorpa taobh amuigh den Aontas Eorpach formhór na ndaoine sin.

B'as an Afraic nó de shliocht Áiseach don chuid is mó a bhí na hIoslamaigh, agus 68% de lucht leanúna an chreidimh sin ina náisiúnaigh neamh-Éireannacha.

# TITHÍOCHT

Bhí beagán sa bhreis ar 1.46 milliún aonaid bhuana tithíochta le gnáthchónaitheoirí iontu ag am an daonáirimh sa bhliain 2006 (féach Tábla 37). Díobh seo, bhí 912,700 (62.4%) lonnaithe i gceantair uirbeacha, i.e. i mbailte agus i gcathracha le daonra de 1,500 nó níos mó. Tá briseadh síos ar fáil i dTábla R de na haonaid tithíochta ina raibh daoine ina gcónaí de réir an cineál cóiríochta agus idirdhealú déanta idir ceantair uirbeacha agus tuaithe.

**Tábla R Céatadán dáileadh na n-aonad tithíochta de réir cineál cóiríochta, 2006**

| Cineál Cóiríochta | Iomlán | Uirbeach | Tuaithe |
|---|---|---|---|
| Teach scoite | 42.8 | 19.2 | 82.1 |
| Teach leathscoite | 27.2 | 37.8 | 9.7 |
| Teach neamhscoite | 17.6 | 25.6 | 4.4 |
| Árasán i mbloc saindéanta | 7.5 | 11.4 | 1.1 |
| Arasán mar chuid de theach athchóirithe nó foirgneamh tráchtála | 2.0 | 2.7 | 0.9 |
| Seomra suí/leapa | 0.6 | 0.9 | 0.1 |
| Níl sé luaite | 2.2 | 2.4 | 1.8 |
| Iomlán | 100.0 | 100.0 | 100.0 |

**Tithe scoite in uachtar**
(Foinse: Tábla 37)

Tithe scoite don chuid is mó a bhí ann sa bhliain 2006, sin beagnach 43% de na haonaid tithíochta ar fad. Bhí sa bhreis ar theach amháin i ngach ceithre chinn leathscoite, 17.6% a bhí neamhscoite agus árasáin a bhí i 10.2% de na haonaid tithíochta ar fad. I gceantair tuaithe bhí níos mó ná ceithre theach i ngach cúig chinn scoite agus i gceantair uirbeacha b'iad tithe leathscoite agus tithe neamhscoite na cineálacha tithe ba choitianta. Bhí go leor árasáin i gceantair uirbeacha, b'ionann iad agus 15% de na háitribh chónaithe sna ceantair sin sa bhliain 2006. Tugadh faoi deara cheana go raibh an treocht seo ag méadú sa bhliain 2002.

**Formhór na dtithe tógtha ó 1971**
(Foinse: Táblaí 38A-38C)

I dTábla S tá anailís ar an stoc tithe ina bhfuil daoine ina gcónaí iontu de réir na tréimhse inár tógadh iad. Tá idirdhealú déanta idir áitribh chónaithe uirbeacha agus tuaithe. Tá na príomhthréithe tithíochta rangaithe de réir na tréimhse inár tógadh iad i dTáblaí 38A-38C den tuairisc.

**Tábla S Céatadán dáileadh na n-aonad tithíochta de réir na tréimhse inár tógadh iad, 2006**

| Tréimhse tógtha | Iomlán | Uirbeach | Tuaithe |
|---|---|---|---|
| Roimh 1919 | 10.6 | 7.3 | 16.0 |
| 1919 go 1940 | 7.4 | 6.5 | 8.8 |
| 1941 go 1960 | 9.7 | 10.6 | 8.3 |
| 1961 go 1970 | 7.7 | 9.1 | 5.5 |
| 1971 go 1980 | 14.5 | 14.8 | 14.0 |
| 1981 go 1990 | 11.4 | 10.6 | 12.6 |
| 1991 go 1995 | 6.4 | 6.9 | 5.5 |
| 1996 go 2000 | 10.6 | 10.9 | 10.0 |
| 2001 nó níos déanaí | 17.1 | 17.2 | 16.8 |
| Ní raibh sé luaite | 4.7 | 6.1 | 2.5 |
| Iomlán | 100.0 | 100.0 | 100.0 |

Tógadh sé theach as gach deich dteach ina raibh cónaí buan ar dhaoine iontu a aimsíodh i ndaonáireamh 2006 ón mbliain 1971. Bhain an méadú sa dhaonra i rith na 1970aidí leis an bhfás sa thithíocht sa thréimhse sin agus sa thréimhse ón mbliain 2000 ar aghaidh tá fás ollmhór tagtha ar thógáil tithe. Ag breathnú siar ar na tréimhsí atá imithe, tógadh teach amháin i ngach sé theach tuaithe roimh 1919 i gcomparáid le 7.3% den stoc uirbeach.

Tá fáil i dTábla T ar na hathruithe a tharla ón mbliain 1961 i ndáileadh na n-aonad tithíochta de réir stádas seilbhe.

## Úinéirí i seilbh don chuid is mó

Arís b'í an rannóg úinéirí i seilbh a gcuid tithe an rannóg ba mhó. Cé gur mhéadaigh líon na n-áitreabh cónaithe seo faoi 7.8% (ó 991,000 go 1,091,900) sa thréimhse is déanaí idir-dhaonáirimh, thit a sciar de na haonaid tithíochta i ndáiríre ó 77.4% sa bhliain 2002 go 74.7% sa bhliain 2006 – ag leanúint leis an treocht síos a thosaigh idir na blianta 1991 agus 2002.

**Tábla T Céatadán dáileadh na n-aonad tithíochta de réir stádas seilbhe, 1961 go 2006**

| Stádas seilbhe | 1961 | 1971 | 1981 | 1991 | 2002 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar cíos ón údarás áitiúil | 18.4 | 15.9 | 12.7 | 9.7 | 6.9 | 7.2 |
| Ar cíos eile | 17.2 | 10.9 | 8.1 | 7.0 | 11.1 | 13.4 |
| Úinéir i seilbh | 53.6 | 60.7 | 67.9 | 80.2 | 77.4 | 74.7 |
| Eile | 10.8 | 12.5 | 11.2 | 3.0 | 4.6 | 4.7 |
| Iomlán | 100.0 | 100.0 | 100.0 | 100.0 | 100.0 | 100.0 |

Thit líon na n-áitreabh a bhí ar cíos ón Údarás Áitiúil ag gach daonáireamh idir na blianta 1961 agus 2002 ach mhéadaigh sé faoi 17,500 sa thréimhse is déanaí idirdhaonáirimh. Mhéadaigh sciar na n-aonad tithíochta ar cíos ó thiarnaí príobháideacha talún agus ó eagraíochtaí deonacha ó 11.1% sa bhliain 2002 go 13.4% sa bhliain 2006.

Den 1.46 milliún aonaid tithíochta a tugadh faoi deara i ndaonáireamh 2006, bhí tuairim 1,093,000 (74.8%) ag brath ar fhoinse uisce poiblí agus bhí 173,000 (11.8%) tithe eile ceangailte le grúpscéim uisce. Bhí foinse phríobháideach uisce ag beagán sa bhreis ar 145,000 (9.9%) tithe, lonnaithe don chuid is mó i gceantair tuaithe.

Bhí sa bhreis ar 956,000 (65.4%) aonaid tithíochta ceangailte le córas poiblí séarachais sa bhliain 2006. 418,000 (28.6%) tithe a raibh umar seipteach indibhidiúil acu. Bhí na tithe seo lonnaithe don chuid is mó i gceantair tuaithe.

## Tithíocht aonair

Teach aonair i gceantair tuaithe a bhí i gceann amháin i ngach cúig den 497,000 aonaid tithíochta a tógadh ó 1991 (i.e. foirgneamh scoite le humar seipteach indibhidiúil). Is iad seo a leanas na contaetha leis an gcéatadán is mó tithe aonair a tógadh ón mbliain 1991: Co. na Gaillimhe (52.7%), Ros Comáin (43.4%), Dún na nGall (41.4%) agus Muineachán (40.4%).

Mar chuid dá gcuid dualgais rinne na háiritheoirí nóta, ina leabhair thaifid, de stádas cónaithe na n-aonad tithíochta éagsúla ar thugadar cuairt orthu. Tugadh na rannóga éagsúla seo a leanas faoi deara: daoine ina gcónaí ann, daoine as láthair go sealadach, teach gan aon chónaitheoirí, árasán gan aon chónaitheoirí agus teach saoire. Tá na torthaí ar fáil i dTábla 40.

1.77 milliún a bhí sa stoc iomlán aonaid tithíochta buan ar an 23 Aibreán 2006. Díobh seo, bhí daoine ina gcónaí i 1.47 milliún (nó 83.3%). Tuairim 175,000 aonaid tithíochta a bhí ina dtithe folamha, 41,600 eile a bhí ina n-árasáin fholamha agus tithe saoire a bhí i 49,800 díobh. Rinneadh an rangú seo bunaithe ar mheasúnú an áiritheora a bhí ag obair sa cheantar agus mar chuid den mheasúnú bhí tuairim na gcomharsan faighte nuair ba chuí.

## Ráta folúntais de 15%

(Foinse: Tábla 40)

Má chuirtear líon iomlán na dtithe agus na n-árasán folamh chomh maith le tithe saoire in iúl mar chéatadán den stoc iomlán tithíochta is féidir teacht ar ráta iomlán folúntais. I mí an Aibreáin 2006 b'ionann seo agus 15%. B'iad seo a leanas na contaetha leis na rátaí folúntais ab airde: Co. Liatroime (29.3%), Co. Dhún na nGall (27%) agus Co. Chiarraí (24.8%) ag an am céanna bhí na rátaí ab ísle ar fáil in Átha Cliath Theas (6.2%), i bhFine Gall (8.8%) agus i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin (8.9%).